# Aguisín 1: Sceideal na nDaoine Sainordaithe Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015

Luaitear i Sceideal 2 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 na haicmí daoine seo a leanas mar dhaoine sainordaithe chun críocha an Achta seo:

1) Lia-Chleachtóir cláraithe de réir bhrí chuid 2 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 2007.
2) Altra cláraithe nó cnáimhseach chláraithe de réir bhrí chuid 2(1) d'Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011.
3) Fisiteiripeoir atá cláraithe sa chlár de chomhaltaí na gairme sin.
4) Teiripeoir urlabhra agus teanga atá cláraithe sa chlár de chomhaltaí na gairme sin.
5) Teiripeoir ceirde atá cláraithe sa chlár de chomhaltaí na gairme sin.
6) Fiaclóir cláraithe de réir bhrí alt 2 d'Acht na bhFiaclóirí, 1985.
7) Síceolaí a chleachtann mar shíceolaí agus atá incháilithe lena chlárú nó lena clárú sa chlár (más ann) de chomhaltaí na gairme sin.
8) oibrí cúraim shóisialta a chleachtann cúram sóisialta agus atá incháilithe le haghaidh clárúcháin de réir Chuid 4 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 i gclár na gairme sin.
9) Oibrí sóisialta a chleachtann mar oibrí sóisialta agus atá incháilithe le haghaidh clárúcháin de réir Chuid 4 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 i gclár (más ann dó) na gairme sin.
10) Teicneoir liachta éigeandála, paraimhíochaineoir agus ard-pharaimhíochaineoir atá cláraithe leis an gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil faoin Ordú fán gComhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (Bunú), 2000 (I.R. Uimh. 109 de 2000).
11) Oifigeach promhaidh de réir bhrí chuid 1 den tAcht um Cheartas Coiriúil (Seirbhís Pobail), 1983.
12) Múinteoir atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta.
13) Comhalta den Gharda Síochána.
14) Caomhnóir ad litem a ceapadh de réir chuid 26 den Acht um Chúram Leanaí 1991.
15) Duine atá fostaithe in aon cheann de na poist seo a leanas:
    a) bainisteoir ar ionad dídine foréigin baile;
    b) bainisteoir ar shaoráid soláthair do dhaoine gan dídean nó ar shaoráid cóiríochta éigeandála;
    c) bainisteoir ar lárionad cóiríochta do lucht iarrtha tearmainn (soláthar díreach);
    d) comhairleoir andúile atá fostaithe ag comhlacht a mhaoinítear, go hiomlán nó go páirteach, as airgead a sholáthraíonn an tOireachtas;

   e) síciteiripeoir nó duine a sholáthraíonn comhairleoireacht agus atá cláraithe le ceann de na comhlachtaí gairmiúla saorálacha;
   f) bainisteoir ar scoil teanga nó scoil áineasa eile ina gcónaíonn leanaí agus nach í a mbaile í;
   g) duine den chléir (cibé tuairisc atá air nó uirthi) nó oibrí tréadchúraim (cibé tuairisc atá air nó uirthi) de chuid eaglaise nó sámhadh creidimh eile;
   h) stiúrthóir ar aon fhoras ina gcoinnítear leanbh le hordú ó chúirt;
   i) oifigeach um choimirciú, oifigeach cosanta leanaí nó duine eile (cibé tuairisc atá air nó uirthi) atá fostaithe d'fhonn an fheidhm leasa agus cosanta leanaí de chuid comhlachtaí agus eagraíochtaí creidimh, spóirt, áineasa, cultúir agus oideachais, agus de chuid comhlachtaí agus eagraíochtaí eile a thairgeann seirbhísí do leanaí, a chomhlíonadh;
   j) comhalta foirne cúraim leanaí atá fostaithe i seirbhís réamhscoile de réir bhrí Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí, 1991;
   k) duine atá freagrach as cúram nó bainistíocht seirbhíse oibre ógra de réir bhrí alt 2 den Acht um Obair Ógra, 2001.
16) Oibrí ógra
   a) ag a bhfuil cáilíocht ghairmiúil atá aitheanta ag an Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí san obair ógra de réir bhrí alt 3 den Acht um Obair Ógra, 2001 nó i ndisciplín gaolmhar, agus
   b) atá fostaithe i seirbhís oibre ógra de réir bhrí alt 2 den Acht um Obair Ógra, 2001.
17) Cúramóir altrama atá cláraithe leis an nGníomhaireacht.
18) Duine a sheolann seirbhís réamhscoile de réir bhrí Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí, 1991.